Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12631/20**

**ECOFIN 996**
**UEM 357**
**SOC 671**
**EMPL 489**
**COMPET 539**
**ENV 688**
**EDUC 392**
**RECH 433**
**ENER 408**
**JAI 916**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12263/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2021: Straitéis Bhliantúil 2021 don Fhás Inbhuanaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2021: An Straitéis Bhliantúil um Fhás Inbhuanaithe do 2021, a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn an 6 Samhain 2020.

**SEIMEASTAR EORPACH 2021:**

**STRAITÉIS BHLIANTÚIL 2021 MAIDIR LE FÁS INBHUANAITHE**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach ár saoránaigh, a sláinte agus a bpoist a chosaint, sa chúlú tobann arb é paindéim COVID-19 is cúis leis.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur foilsíodh an Straitéis Bhliantúil 2021 maidir le Fás Inbhuanaithe go luath, ina léirítear go bhfuil ról ríthábhachtach ag an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta maidir le téarnamh tapa a éascú agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta Bhallstáit an Aontais a neartú, agus gurb ollmhór an spreagadh é don infheistíocht agus don athchóiriú, go háirithe don aistriú glas agus digiteach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an tsaoráid a chomhaontú agus a chur chun feidhme gan mhoill.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil Straitéis Bhliantúil 2021 maidir le Fás Inbhuanaithe agus an tsaoráid fréamhaithe san aidhm atá ag an Aontas inbhuanaitheacht agus comhtháthú iomaíoch a bhaint amach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. AONTAÍONN SÍ gur cheart na ceithre ghné den Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe a choinneáil: an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, an inbhuanaitheacht chomhshaoil, an táirgiúlacht, agus an chothroime. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair ríthábhachtach chun téarnamh tapa agus iomaíocht chóir a áirithiú agus chun cosc a chur ar shuaitheadh ar shlabhraí luacha trasteorann agus ar shaorghluaiseacht oibrithe agus earraí, agus chun feabhas a chur ar dhálaí socheacnamaíocha freisin. Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin aeráide agus chomhshaoil na linne seo, AONTAÍONN SÍ gur deis dúinn sin chun ár ngeilleagair a athdhíriú ar bhealach inbhuanaithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur ar comhréim leis na tosaíochtaí sin a comhaontaíodh, mar a luaitear sa rialachán maidir leis an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tionscnaimh shuaitheanta a liostaítear i Straitéis Bhliantúil 2021 maidir le Fás Inbhuanaithe ina léirítear na dúshláin choiteanna sin de chuid an Aontais a éilíonn infheistíochtaí agus athchóirithe comhordaithe. MOLANN SÍ GO LÁIDIR do na Ballstáit tabhairt faoi thacair chomhleanúnacha d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí riachtanacha, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin struchtúracha náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a léirítear sna moltaí tírshonracha atá dírithe ar na Ballstáit i dtimthriall Sheimeastar 2019 agus Sheimeastar 2020, agus lena dtugtar tacaíocht don fhás cuimsitheach fadtéarmach, inbhuanaithe agus don athléimneacht chuimsitheach fhadtéarmach, inbhuanaithe. Ina theannta sin, d'fhéadfaidís éifeachtaí iarmhartacha dearfacha a neartú trí na tionscnaimh shuaitheanta a mholann an Coimisiún a chur san áireamh.

5. ADMHAÍONN SÍ gur gá an Seimeastar Eorpach a oiriúnú ar bhonn sealadach chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta go comhsheasmhach agus go héifeachtach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún doiciméid anailíseacha, lena ndéanfar measúnú ar shubstaint na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, a chur in ionad thuarascálacha tíre an tSeimeastair Eorpaigh in 2021, i gcás na mBallstát sin a thíolacann plean téarnaimh agus athléimneachta. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le plé cothrománach a choimeád ar bun sna Coistí ábhartha a bhfuil baint acu leis an Seimeastar Eorpach. MOLANN SÍ do na Ballstáit an clár náisiúnta um athchóiriú, mar aon lena bplean téarnaimh agus athléimneachta, a thíolacadh in aon doiciméad comhtháite amháin.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i bhfianaise chineál cuimsitheach réamhbhreathnaitheach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, nach ndéanfaidh an Coimisiún moltaí tírshonracha in 2021 (seachas maidir leis an staid bhuiséadach) i gcás na mBallstát sin a mbeidh plean den sórt sin tíolactha acu. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an faireachas iltaobhach a chosaint laistigh den Seimeastar Eorpach in ainneoin na n-athruithe i dtimthriall 2021. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart leanúint den fhaireachas struchtúrach ar bheartais, den phlé cothrománach agus den athbhreithniú téamach, agus próiseas cinnteoireachta tráthúil, éifeachtach a cheadú ag an am céanna maidir le measúnú na gclár agus na n-íocaíochtaí. IARRANN SÍ go bhfillfí ar phróiseas lánfheidhme an tSeimeastair Eorpaigh a luaithe is féidir, lena n-áirítear a rialachas.

7. MOLANN SÍ don Choimisiún cur leis na próisis agus leis an rialachas bunaithe, faoi chuimsiú thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh, a mhéid is féidir chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. IARRANN SÍ ar na Ballstáit socruithe iomchuí rialachais a bhunú chun na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go fónta.

8. AONTAÍONN SÍ gur cheart do na Ballstáit leanúint de thacaíocht fhioscach spriocdhírithe shealadach a chur ar fáil in 2021, agus an inbhuanaitheacht fhioscach á cosaint sa mheántéarma agus infheistíochtaí á bhfeabhsú san am céanna. MEASANN SÍ gur cheart go mbeadh éagsúlacht i measc na mBallstát maidir le huainiú na mbeart lena n-éascaítear ath-leithdháileadh acmhainní agus lena dtugtar tacaíocht don téarnamh, de réir riachtanais na tíre agus na n-earnálacha éagsúla a mhéid a bhaineann le héabhlóid na paindéime.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún moltaí tírshonracha a mholadh in 2021 maidir le staid bhuiséadach na mBallstát, mar a bheartaítear faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. MEASANN SÍ go bhfuil sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na treoshuímh a bheidh ann feasta maidir leis an mbeartas fioscach. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór an t-ardleibhéal éiginnteachta a bhaineann lena bhfuil i ndán do phaindéim COVID-19 agus a thionchar eacnamaíoch agus sóisialta a chur san áireamh agus beartais fioscacha á gceapadh.

10. ADMHAÍONN SÍ gur dócha go rachaidh roinnt míchothromaíochtaí atá ann cheana in olcas mar gheall ar an gcor eacnamaíoch chun donais a d'eascair as an ngéarchéim COVID-19 agus go bhféadfadh sé go nginfí rioscaí le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha nua dá bharr, go háirithe mar gheall ar mhéadú ar fhiachas na hearnála poiblí, na ngnólachtaí agus na dteaghlach, ar féidir leo, dá réir sin, dul i bhfeidhm ar an earnáil airgeadais. AONTAÍONN SÍ go gcaithfidh an tAontas faireachas eacnamaíoch cuimsitheach leanúnach a dhéanamh chun a áirithiú go mbraithfear dúshláin eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn agus atá ag athrú agus go rachfar i ngleic leo go tráthúil. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh a fhoilsiú agus leanúint den fhaireachas faoi chuimsiú an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, lena n-áirítear athbhreithnithe doimhne a ghlacadh in 2021 lena ndéanfar measúnú ar an staid mar atá maidir leis na míchothromaíochtaí i gcás Ballstáit áirithe.

11. IARRANN SÍ go mbainfí an leas is fearr is féidir as an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta agus go gcuirfear i bhfeidhm go pras infheistíochtaí táirgiúla agus athchóirithe struchtúracha, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, rud a neartóidh athléimneacht gheilleagair an Aontais agus a chuirfidh leis an acmhainneacht fáis.